

Teach Le Chéile



- Oíche Chultúir -
Abair Amhrán Linn



Gael Linn

Leabhar Amhráin

Teach Le Chéile

- Oíche Chultúir -

Liosta aíonna

Peadar Ó Riada - Ceol

Máire Ní Choilm - Gleanntáin Ghlas Ghaoth Dobhair

Na Casadaigh - An bhfaca tú mo Shéamuisín & Do
bhíos-sa lá bPort Láirge

Nuadán - An Páistín Fionn

Áine Ní Ghlinn - Píosa Filíochta

Máire Ní Choilm - Téir Abhaile Riú

An Céad Ghlúin Eile - Báidín Fheilimí

Paddy O' Brien - Scéal/Dán

Máire Ní Choilm - Amhrán na Scadán

Ah Céad Ghlúin Eile - Tráthnóna Aoine

Na Casadaigh - Buachaill ón Éirne & An Maidrín Rua

Imlé - Do Chuid Jeans

Teach Le Chéile

Gleanntáin Ghlas Ghaoth Dobhair

Céad slán ag sléibhte maorga
 Chondae Dhún na nGall
 Agus dhá chéad slán
 Ag an Earagal ard
 Ina stua os cionn caor 's call
 Nuair a ghluais mise thart
 Le loch Dhún Lúich'
 Go ciúin 'sa ghleann ina luí
 I mo dhiaidh 'bhí Gleanntáin
 Ghlas Ghaoth Dobhair
 Is beag nár bhris mo chroí

Ag taisteal domh amach
 Fríd chnoic Ghleann Domhain
 'S an Mhucáis ar mo chúl
 Ní miste domh 'ra le brón 's le crá
 Gur fhreasach a shil mise súil
 Go 'Meiriceá siar, a bhí mo thriall
 I bhfad thar an fharraige mhór
 D'fhag mé slán ar feadh
 seal ag Dún na nGall
 'S ag Gleanntáin Ghlas Ghaoth Dobhair

Níorbh é mo mhiansa imeacht ariamh
 Ó mo thír bheag dhílis féin
 Ach trom lámh Gall, le cluain
 'S le feall, a thiomáin mé i gcéin
 B'é rún mo chroí-se pilleadh arís
 Nuair a dhéanfainn beagán stór
 'S deireadh mo shaoil
 A chaitheamh lem ghaoil
 Fá Ghleanntáin Ghlas' Ghaoth Dobhair

Slán, slán go fóill a Dhún na nGall
 A chondae shéimh gan smál
 'S dod' fheara breátha in am an ghá
 Nár umhlaigh riamh roimh Ghall
 Tá áit i mo chroí do gach fear 's gach mnaoi
 'S gach páiste beag agus mór
 Áta beo go buan, gan bhuairt, gan ghruaim
 Fá Ghleanntáin Ghlas Ghaoth Dobhair

**-Máire Ní Choilm-
 #OícheChultúir**

Teach Le Chéile

An bhFaca tú mo Shéamuisín

An bhfaca tú mo Shéamuisín
Mo stóirín óg, mo bhuachaillín
An bhfaca tú mo Shéamuisín
Is é 'gabháil síos an bóthar
Níl bróg ar bith ar a dhá choisín
Ar a dhá choisín, ar a dhá choisín
Níl bróg ar bith ar a dhá choisín
Níl caipín air ná clóca

Ag dul ar scoil tá Séamuisín
Mo stóirín óg, mo bhuachaillín
Ag dul ar scoil tá Séamuisín
'S a leabharín buí 'na phóca
Ar a dhroim tá máilín beag
Tá máilín beag, tá máilín beag
Ar a dhroim tá máilín beag
'S a lóinsín ann is dócha

Do rugadh é i Móin a Lín
Ag bun an chnoic i nead éinín
Do rugadh é i Móin a Lín
In aice le Bun Dóite
Ó grá mo chroí mo Shéamuisín
Mo stóirín óg, mo bhuachaillín
Ó grá mo chroí mo Shéamuisín
Ar maidin is tráthnóna

Teach Le Chéile

Do Bhíos-sa Lá i bPórt Láirge

Ó do bhíos-sa lá 'bPort Láirge
Fol dú, fal dí, fal de didle dom
Bhí fíon is puins ar chlár ann
Fol dú, fal dí, fal de didle dom
Bhí lán an tí de mhnáibh ann
Fol dú, fal dí, fal de didle dom
Agus mise ag ól a sláinte
Fol dú, fal dí, fal de didle dom

Agus d'éalaigh bean ón Chlár liom
Fol dú, fal dí, fal de didle dom
Agus triúr ó Thiobraid Árann
Fol dú, fal dí, fal de didle dom
Ní raibh a muintir sásta
Fol dú, fal dí, fal de didle dom
Ní rabhadar ná leathshásta
Fol dú, fal dí, fal de didle dom

Ó raghad don Charraig amárach
Fol dú, fal dí, fal de didle dom
Agus tabharfad cailín breá dom
Fol dú, fal dí, fal de didle dom
Raghamid tríd an mBearnán
Fol dú, fal dí, fal de didle dom
d'Cuir fios ar shagart láithreach
Fol dú, fal dí, fal de didle dom

**-Na Casadaigh-
#OícheChultúir**

Teach Le Chéile

An Páistín Fionn

Grá lem' anam mo pháistín fionn
A bhfuil a croí is a haighe ag gáire liom
A cíocha geala mar bláth na gcrann
Is a píob mar eala lá Márta

Cúrfa:

Is tusa mo rún, mo rún, mo rún
Is tusa mo rún is mo ghrá geal
Is tusa mo rún is mo chumann go buan
'Sé mo chreach gan tú agam ó do mhaithrín

Cara mo chroí, mo pháistín fionn
A bhfuil a dá grua ar lasadh mar bhláth na dtom
Tá mise saor ar mo pháistín fionn
Ach amháin gur d'ólas a sláinte

Dá mbéinnse sa bhaile ina bhfuil súgradh is greann
Nó idir dhá bhairille lán de leann
Mo stóirín i'm aice is mo lámh faoi'n a ceann
Nach súpach a d'ólfainn a sláinte

Chaith mé naoí oíche ag luí go bocht
Sínte faoi dhíleann idir dhá thor
A chumann mo chroí, is mé ag smaoineamh ort
Is ná faighinnse le fead ná le glaoch thú

Tréigfead mo mhuintir is mo chairde gaoil
Tréigfead a mhaireann de mhnáibh an tsaoil
Ach ní thréigfeadh lem' mharthain thú, a stór mo chroí

Go síntear i gcomhrá faoi chlár mé **-Nuadán-**

#OícheChultúir

Teach Le Chéile

Téir Abhaile Riú

Curfá

Téir abhaile riú

Téir abhaile riú

Téir abhaile riú, a Mhéaraí
Téir abhaile riú 's fan sa bhaile
Mar tá do mhargadh déanta.

Is cuma cé dhein é nó nár dhein
Is cuma cé dhein é, a Mhéaraí
Is cuma cé dhein é nó nár dhein mar
Tá do mhargadh déanta.

Curfá

Is cuma cé dhein é nó nár dhein
Is cuma cé dhein é, a Mhéaraí
Is cuma cé dhein é nó nár dhein mar
Tá do mhargadh déanta.

Curfá

Pós an píobaire
Pós an píobaire
Pós an píobaire, a Mhéaraí
Pós an píobaire i dtús na hoíche
Is beidh sé agat ar maidin.

Curfá

Tá do mhargadh
Níl mo mhargadh
Tá do mhargadh déanta
Níl mo mhargadh
Tá do mhargadh
Níl mo mhargadh déanta
Níl mo mhargadh
Tá do mhargadh
Níl mo mhargadh déanta
Tá do mhargadh
Níl mo mhargadh
Tá do mhargadh déanta

Curfá

**-Máire Ní Choilm-
#OícheChultúir**

Teach Le Chéile

Báidín Fheidhlimí

Báidín Fheidhlimí d'imigh go Gabhla,
Báidín Fheidhlimí 's Feidhlimí ann.
Báidín Fheidhlimí d'imigh go Gabhla,
Báidín Fheidhlimí 's Feidhlimí ann.

Curfá:

Báidín bídeach, Báidín beosach,
Báidín bóidheach, Báidín Fheidhlimí.
Báidín díreach, Báidín deontach,
Báidín Fheidhlimí 's Feidhlimí ann.

Báidín Fheidhlimí d'imigh go Toraí,
Báidín Fheidhlimí 's Feidhlimí ann.
Báidín Fheidhlimí d'imigh go Toraí,
Báidí Fheidhlimí 's Feidhlimí ann.

Curfá

Báidín Fheidhlimí briseadh i dToraí,
Éisc ar bord agus Feidhlimí ann.
Báidín Fheidhlimí briseadh i dToraí,
Éisc ar bord agus Feidhlimí ann.

Curfá arís

**-An Chéad Ghlúin Eile-
#OícheChultúir**

Teach Le Chéile

Amhrán na Scadán

Nuair a théim a luí san oíche, bím ag smaointiú ar an iasc,
Nuair a éirím amach ar maidin, bheirim rúid go dtí an bhinn,
Bíonn na héanacha ag cur pléisiúir orm 'na suí i mbéal na bpoll
'S an phéist ag an Tor Dhearg ag cur na scadán tharna droim.

Bím ag smaointiú ar an eangaigh is ar an bhád a mbíonn sí ann,
Bím ag smaointiú ar na rámhaí is a mbuillí ins an toinn,
Bím ag smaointiú ar an fhearthainn 's ar an tréan a bhí sa ghaoth
'S gach uair dár chroch mé an stiúir uirthi 's an teilim ina cionn.

Ach is deas an rud na slantracha a bheith soilsiú ar ár mbróig,
'S gurbh fhusa dúinn á bplúchadh go minic ná iad a dhíol,
Ach caithfidimid a ghabháil an cainéal leo, más maith nó olc an t-
am

San áit a mbeidh lúcháir ar an cheannaí romhainn 's buidéal
dúinn den lionn.

Nuair a shuím cois na tineadh, agus smaointiú ar an am
A raibh mé fhéin 's mo churach beag amuigh ar bharr na dtonn,
'S gan idir mé is an tsíoraíocht ach an t-éadach tana tarr
Ag cosnamh gaoithe is farraige i measc éanacha na dtonn.

Ach anois atá mé aosta is mé ag éirí lag breoite tinn,
Níl mé ag dúil go brách le biseach a fháil go síntear mé sa chill,
Bheirim altú do Dhia na glóire mar chuir mé isteach m'am
Ar chreig i lár na farraige i measc éanacha na mbeann.

-Máire Ní Choilm-
#OícheChultúir

Teach Le Chéile

Tráthnóna Aoine le Páidí Breathnach

Tráthnóna Aoine sa Deireadh Fómhair duathach*

Beirt chara óg ag seoladh a gcurrach amach

Athair dhuine acu ag amharc go géar

Ón aill iargúlta

Na líonta á dtarraingt isteach

S' iad á dtarraingt aníos

Mo thrua é an lá a tharla an bá

S'iad á dtarraingt aníos

Mé féin 's mé suite faoi thallach adhanta

Ag iompar fóthain ó threascairt na dtonn

Nuacht a chrith mo cholainn is do reoigh mo chroí

Nuair a seoladh iad chun cuan

Teach Le Chéile

Buachaill ón Éirne

Buachaill ón Éirne mé 's bhréagfainn féin cailín deas óg.
Ní iarrfainn bó spré léithe tá mé féin saibhir go leor.
'S liom Corcaigh 'a mhéid é, dhá thaobh a' ghleanna 's Tír
Eoghain.

'S mura n-athraí mé béasaí 's mé n' t-oidhr' ar Chontae
Mhaigh Eo.

Rachaidh mé 'márach a dhéanamh leanna fán choill
Gan choite, gan bád, gan gráinnín brach' ar bith liom
Ach duilliúr na gcráobh mar éideadh leapa os mo chionn
'S óró sheacht mh'anam déag thú 's tú 'féachaint orm anall.

Buachailleacht bó, mo lao, nár chleacht mise ariamh
Ach ag imirt 's ag 'ol 's le hógmhna deasa fá shliabh
Má chaill mé mo stór ní dóigh gur chaill mé mo chiall
A's ní mó liom do phóg ná'n bhróg atá'r caitheamh le bliain.

A chuisle 's a stór ná pós an seandúine liath
Ach pós a' fear óg, mo lao, mur' maire sé ach bliain
Nó beidh tú go fóill gan ó nó mac os do chionn
A shilfeadh a'n deor tráthnóna nó'r maidin go trom.

**-Na Casadaigh-
#OícheChultúir**

Teach Le Chéile

An Mairín Rua

Ag g'bháil ó thuaidh dom thar Shliabh Luachra,
'Gus mise 'cur tuairisc' mo ghéanna,
Ar mo chasadh anuas sea fuair mé a dtuairisc,
Go raibh mairín ru' á n-aoireacht!

Cúrfá:

An mairín ru', ru', rua, rua, rua,
An mairín rua 'tá gránna,
An mairín rua 'na luí sa luachair,
'Gus barr a dhá chluais in airde.

"Good morrow, fox!" "Good morrow, sir!"
"Pray what is that you're ate-ing?"
"A fine fat goose I stole from you
And will you come and taste it?"
"Oh ! No indeed, ní áil liom í,
Ní bhlaisfead pioc di ar aon chor,
But I vow and swear you'll dearly pay,
For my fine fat goose you're ate-ing!"

Cúrfá

Greadadh croí cráite ort, a mhaidrín ghránna,
A rug uaim m'ái breá géanna,
Mo choiligh mhóra bhreátha
'S mo chearca 'bhí go hálainn,
Is mo lachain bheaga ab fhearr a bhí in Éirinn!

Cúrfá

Tally ho! lena bhonn! Tally ho lena bhonn!
Tally ho! lena bhonn, a choileáinín!
Tally ho! lena bhonn! Tally ho lena bhonn!
Agus barr a dhá chluais in airde!
Tally ho! lena bhonn! Tally ho lena bhonn!
Tally ho! lena bhonn, a choileáinín!
Tally ho! lena bhonn! Tally ho lena bhonn!
Agus barr a dhá chluais in airde!

**-Na Casadaigh-
#OícheChultúir**

Teach Le Chéile

Do Chuid Jeans

Labhraíonn tú liom agus tú ag tarraingt ort do chuid jeans
feiceann mé thú chéad rud nuair a dhúiseann tú
déanann mé do chuid gruaige a chur trína chéile
ní imíonn mé garr dhuit nuair atá tú ag cócaireacht

Cúfá:

Nuair atá mé réidh sona sách
feicfidh mé an taon fíor dhuine lách
os mo chomhair amach
le lonnar an ghrá

Go borb bhéic mé ort agus shiúl mé amach
le sudar fúm, tháinig mé ar ais ag gabháil brón leat
Ní féidir liom cuimhneachtáil ar tharla seo riamh
homh sásta le coileán a raoineann chuile shórt

Cúfá

Mar ar scáth a cheile a mhaireann daoine
Gan Creideamh i ngrá go dtí go chonaic mé tusa.
An fáilte is deise an slán is dearca, is níl aon saol gan tusa faoi bhun na spéire
Is bláth é an saol agus is mil e grá, gach noiméad a féidir liom gach aon lá.
Ag smaoineamh ortsa mo shaol i líne amháin.

Cúfá

Is ní theastaíonn na rudaí a d'fhéadfadh siad a rá. An glow seo orm, ó dubh go
gealgorm chomh is fada is atá an saol, ceol agus torann beidh tusa mar an t-
aon duine ar bharr m'intinn mar gur lastar ár gcairdeas ina grá ina dhiadh sin.
Gan smaoineamh, caoineamh ag beir ar an faoiseamh. Píocfaidh mise tusa
agus píocfaidh tusa mise.
Ach b'fhearr dhomsa go himheánach a bheith cliste agus gan an saol mór
dórcha seo mé a bhriseadh arís.

Cúfá

Croch do chroí dote agus ardaigh do cheannis féidir theacht as rud ar bith
agus (cinnte) beidh linn
Tá mé an-bhuíoch don mhéid a d'fhoghlaim mé uait mé sásta anois greadadh
ceart a thabhairt duit

Cúfá

-IMLÉ-

#OícheChultúir